
Eolas Poiblí

# Amach ón gCósta a Chumhachtú An Cósta Theas

## An Nuacht is Déanaí maidir leis an Tionscadal, Márta 2026



## Cé hé EirGrid?

Is cuideachta é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann.

Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán, agus iontaofa leictreachas na hÉireann.

Is é ár gcúram é cumhacht a thabhairt ón áit a ngintear í, go dtí an áit a bhfuil gá léi ar fud na hÉireann, ar tír agus amach ón gcósta araon

## Cén fáth a bhfuil gá leis an tionscadal seo?

Tá sé mar aidhm ag spriocanna gníomhaíochta aeráide an Rialtais go nginfidh Éire 80% de fhuinneamh an stáit ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Colún lárnach den sprioc a bhaint amach sin is ea 5GW de ghaoth amach ón gcósta.

Is ionann **Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas** agus clár EirGrid lena dtógfar an bonneagar is gá don eangach nua tharchurtha chun cumhacht a ghinfear sna feirmeacha gaoithe amach ón gcósta theas a thabhairt isteach inár n-eangach náisiúnta.

Tonn Nua is ainm don chéad Limistéar atá á nascadh leis an eangach laistigh de chlár níos leithne Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas. Leis sin, cuideofar le thart ar 900 meigeavata de leictreachas breise a sheachadadh – dóthain leictreachais chun cumhacht a thabhairt do bheagnach milliún teach agus chun tacú linn ár spriocanna aeráide a bhaint amach.




# Cad é Tonn Nua?

Is ionann Tonn Nua agus an chéad limistéar amach ón gcósta theas a mbeidh forbairt feirme gaoithe amach ón gcósta á óstáil aige.

Tá sé seo ar cheann de cheithre cheantar le haghaidh forbairt gaoithe amach ón gcósta sa todhchaí mar chuid de Phlean Limistéir Mhuirí Ainmnithe an Chósta Theas (SC-DMAP) an Rialtais, arna cheadú ag an Oireachtas i mí Dheireadh Fómhair 2024.

I mí na Nollag 2025, bhuaigh cuideachta chomhfhiontair idir BSL agus Ørsted ceant an Rialtais chun feirm ghaoithe limistéar Tonn Nua a fhorbairt.

Mar chuid dá ról i dtionscadal Tonn Nua, tógann EirGrid an bonneagar tarchurtha eangaí is gá chun an fheirm ghaoithe a nascadh leis an eangach leictreachais náisiúnta.




# Forléargas Tionscadail

Is iad seo a leanas príomhghnéithe thionscadal EirGrid:

- Dhá ardán fostáisiúin amach ón gcósta – lena lonnú laistigh de Limistéar Muirí A, ar a dtugtar Tonn Nua.

Beidh gá leis an méid seo a leanas ansin i gContae Chorcaí agus i gContae Phort Láirge/Loch Garman:

- Cáblaí tarchurtha amach ón gcósta lena nasctar fostáisiúin amach ón gcósta le háiteanna teacht i dtír.
- Fostáisiúin nua ar tír.
- Naisc idir áiteanna teacht i dtí agus fostáisiúin nua ar tír trí cháblaí faoi thalamh.
- Naisc lúibe leis an líonra tarchurtha leictreachais atá ann cheana ó na fostáisiúin nua trí chábla faoi thalamh.



# Forbróir na Feirme Gaoithe Tonn Nua

Mar chuid dá ról i dtionscadal Tonn Nua, tógann EirGrid an bonneagar tarchurtha eangaí is gá chun an ghaoth a ghintear amach ón gcósta a nascadh leis an eangach leictreachais ar tír.

I mí na Nollag 2025, ba é comhpháirtíocht chomhfhiontair idir BSL agus an forbróir fuinnimh in-athnuaite atá lonnaithe sa Danmhairg, Ørsted, an t-iarrthóir rathúil i gCeant ORESS Tonn Nua an Rialtais, agus beidh sé freagrach as an bhfeirm ghaoithe ghaolmhar a fhorbairt sa Cheant seo.



© TenneT

# Buntáistí an Tionscadail

## Inbhuanaitheacht

Cuirfidh an tionscadal seo ar chumas tithe agus gnólachtaí ar fud chósta na hÉireann agus níos faide ar shiúl leictreachas a ghintear ó fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a úsáid.

## An tsochaí agus an pobal

Tacóidh beartas sochair pobail EirGrid go díreach le pobail áitiúla sna ceantair ina bhfuil bonneagar an chláir á óstáil.

## Geilleagrach

Cuideoidh an clár ríthábhachtach seo leis an ngeilleagar a neartú ar fud na réigiún cósta, ag spreagadh agus ag tacú le hinfheistíocht tionscail le hinrochtaineacht ar eangach leictreachais láidir.

## Slándáil agus iontaofacht an tsoláthair

Trí eangach leictreachais níos neamhspleáiche, níos athléimní agus níos iontaofa a thógáil, cuidítear lena chinntiú go mbeidh cumhacht ag gach duine nuair a bheidh sí de dhíth orthu agus san áit a mbeidh sí de dhíth orthu.

## Freastal ar riachtanais amach anseo

Dé réir mar a thagann forbairt ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar, cabhróidh an clár linn freastal ar an éileamh méadaitheach ar leictreachas, gan ár lorg carbóin a mhéadú.

# Ár gCur Chuige 6 Chéim i dtaca le Forbairt Tionscadail



**Céim 1**

Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a shainaithint?

**Céim 2**

Cén teicneolaíochtaí ar féidir leo na riachtanais sin a chomhlíonadh?

**Céim 3**

Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfadh sí seo difear a dhéanamh dó?

**Céim 4**

Cá háit go díreach ar cheart dúinn dul i mbun tógála?


**Céim 5**

Iarratas ar chead pleanála.


**Céim 6**

Tógáil, fuinnmhiú (déanamh beo) agus sochair a roinnt.


# Léarscáil den Fhorléargas Tionscadail




# Crios Bonneagair Chorcaí



# Crios Bonneagair Loch Garman/Phort Láirge



# Amlíne an Tionscadail











# An méid a tharla go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile

## Céim 3
## Comhairliúchán Poiblí
## Samhain 2024 – Eanáir 2025

Idir mí na Samhna 2024 agus Eanáir 2025, reáchtáil EirGrid comhairliúchán poiblí chun eolas a thabhairt don phobal agus chun aiseolas a lorg uathu. Díríonn an comhairliúchán seo ar dhá phríomhghné:

1. Na seacht n-áit theacht i dtír atá á mbreithniú maidir leis an áit a dtiocfaidh na cáblaí tarchurtha i dtír.
2. Na criosanna bonneagair atá á mbreithniú le haghaidh shuíomh na bhfostáisiún nasctha eangaí.

Reáchtáladh imeachtaí pearsanta agus fíorúla araon chun deiseanna a thabhairt don phobal, do ghrúpaí pobail, do ghnólachtaí, d'iascairí agus do chomhlachtaí eile chun dul i ngleic le foireann tionscadail EirGrid agus léargas agus aiseolas a thabhairt maidir leis an tionscadal.

I mí an Mhárta 2025, foilsíodh tuarascáil comhairliúchán chéim 3 ina leagtar amach an t-aiseolas a cuireadh ar fáil. Is féidir a,harc ar an tuarascáil sin ar ár suíomh gréasáin ag eirgrid.ie/offshore.

## Suirbhéanna Muirí agus Cósta Iúil – Samhain 2025

Bhí an chéad chéim de na suirbhéanna muirí agus cósta ar siúl idir Iúil agus Samhain 2025. Áiríodh leo sin suirbhéanna cuimsitheacha geoifisiceacha mara, meit-aigéin agus comhshaoil, chomh maith le himscrúduithe neamh-ionracha idirthaoideacha ar thailte talún lena n-áirítear suirbhéanna geoifisiceacha agus comhshaoil.

Rinneadh na sonraí a bailíodh go dtí seo a mheas agus rinne siad eolas don sceideal seo le haghaidh tuilleadh suirbhéanna, lena n-áirítear suirbhéanna geoifisiceacha, geoiteicniúla agus ordanáis neamhphléasctha (UXO), a bheidh ar siúl in earrach/samhradh 2026.

Nuair a bheidh na suirbhéanna uile curtha i gcrích, beidh an taighde a bhailítear ó na suirbhéanna sin mar thacaíocht i ndáil le pleananna a mhúnlú do shuiteáil bhonneagar tarchurtha EirGrid le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta trí chabhrú chun ár bpróisis innealtóireachta roghanna, gnéithe teicniúla agus dearthóireachta a mhúnlú, agus cur lenár dtuiscint ar an gcomhshaol i bhfoisceacht ár mbealaí cáblaí féideartha amach ón gcósta agus suíomhanna féideartha fostáisiún amach ón gcósta.





# Ár gCur Chuige 6 Chéim i dtaca le Forbairt Tionscadail

## Cá bhfuilimid anois?



| Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 | Céim 4 | Céim 5 | Céim 6 |
|---|---|---|---|---|---|
| Conas a dhéanaimid riachtanais na heangaí leictreachais a shainaithint? | Cén teicneolaíochtaí ar féidir leo na riachtanais sin a chomhlíonadh? | Cad í an rogha is fearr agus cén ceantar a bhféadfadh sí seo difear a dhéanamh dó? | Cá háit go díreach ar cheart dúinn dul i mbun tógála? | Iarratas ar chead pleanála. | Tógáil, fuinnmhiú (déanamh beo) agus sochair a roinnt. |

## Cá bhfuilimid anois?

Táimid ag Céim 4 den tionscadal faoi láthair, ar chéim í sin a bhaineann le cinneadh a dhéanamh cén áit go díreach is cóir dúinn bonneagar an tionscadail a thógáil. Tá eolas ón bpobal ón gcomhairliúchán poiblí a reáchtáladh cheana agus na sonraí ó shuirbhéanna muirí agus cósta ina n-ionchuir thábhachtacha don mheastóireacht seo.

Bhí an-rath ar na suirbhéanna a rinne EirGrid in 2025 maidir le roghanna féideartha ár mbealaí cábla amach ón gcósta agus áiteanna teacht i dtír. I mí Aibreáin 2026, leanfaimid lenár bhfeachtais suirbhéireachta, ar tír agus amach ón gcósta araon.

Dhá cheann de na seacht n-áit theacht i dtír a sainaithníodh inár gcomhairliúchán i mí na Samhna 2024 – Áit Theacht i dTír C (Garraí Bhoithe Íochtarach, Baile an Bhuitléaraigh agus Baile Uí Chríonáin) agus Áit Theacht i dTír F (laistigh de bhailte fearainn Bhanú) – tá siad ag feidhmiú go han-mhaith i measúnuithe i gcónaí. Dá bhrí sin, díreofar ar na limistéir sin inár bhfeachtas suirbhéireachta 2026, atá le bheith ar siúl idir Aibreán agus Meán Fómhair 2026.

Tá foireann Rannpháirtíochta Pobail EirGrid ar fáil d'eagraíochtaí, d'iascaigh, d'úinéirí talún áitiúla, mar aon le daoine den phobal áitiúil chun aon cheisteanna maidir leis an tsuirbhéireacht is déanaí seo, agus le haon ghné eile dár dtionscadal, a fhreagairt. Tá an fhoireann ar fáil ó cheann ceann na bliana chun ceisteanna a fhreagairt trí ríomhphost nó tríd an bhfón, lasmuigh de thréimhsí comhairliúcháin chomh maith. Féach sonraí teagmhála ár n-oifigeach idirchaidrimh don phobal ag deireadh na cáipéise seo.

Beidh ár n-oifigigh idirchaidrimh don phobal i mbun rannpháirtíocht le pobail i limistéir an tionscadail le linn mhí Aibreáin, agus beidh sceideal de na dátaí a mbeidh ár nAonad Móibíleach Eolais sa cheantar le fáil ar ár suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta. Beidh seimineár gréasáin ann freisin dóibh siúd nach mbeidh in ann a bheith ann i bpearsa.

Nuair a bheidh na suirbhéanna críochnaithe agus na measúnuithe curtha i gcrích, cuirfimid tuilleadh nuachta ar fáil maidir leis an tionscadal agus táimid ag súil go dtarlóidh amhlaidh san Fhómhar in 2026.



# Fóram Pobail agus Ciste Sochair Pobail

## Fóram Pobail


Táimid ag bunú ár bhfóram pobail don chlár Amach ón gCósta a Chumhachtú – An Cósta Theas faoi láthair a bhunófar chun a chinntiú go n-éistfear le guthanna na bpobal áitiúil, agus na ndaoine is mó a mbíonn tionchar ag ár mbonneagar orthu. Chun tuilleadh a fhoghlaim faoin bpróiseas seo nó chun do spéis a léiriú maidir le páirt a ghlacadh san fhóram pobail, scan an cód QR.

## Ciste Sochair Pobail

Cuireann EirGrid ciste tiomnaithe ar fáil le haghaidh forbairt eangaí nua ar gach tionscadal chun sochair dhíreacha a sholáthar do na pobail is gaire do bhonneagar nua tarchuir. Tacaíonn na cistí seo, atá comhréireach le scála an tionscadail, le cúiseanna maithe áitiúla, cuidíonn siad le pobail a gceantar a athrú ó bhonn, agus tugann siad an deis do gach pobal a bheith ina 'phobal fuinnimh inbhuanaithe' nó fanacht ina 'phobal fuinnimh inbhuanaithe'. Is é an aidhm fhoriomlán atá leis lorg dearfach a fhágáil ar na pobail a bhfuil bonneagar leictreachais á óstáil acu.

Le haghaidh tuilleadh eolais téigh go [eirgrid.ie/offshore](eirgrid.ie/offshore)

Fóram Pobail
Léiriú Spéise



## Sonraí teagmhála

## Oifigigh Idirchaidrimh don Phobal de chuid EirGrid



**Michelle Walsh**

michelle.walsh@eirgrid.com
+353 (0) 85 870 4999



**Eoghan O'Sullivan**

eoghan.osullivan@eirgrid.com
+353 (0) 87 247 7732

## Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh



**Ronan Lynch**

ronan.lynch@eirgrid.com
+353 (0) 87 490 4786

## Ceann Foirne na Rannpháirtíochta Talún



**Sean Kenny**

sean.kenny@eirgrid.com
+353 (0) 85 708 9595

EirGrid

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

CARBON BALANCED PAPER
WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856